**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

**www.immunisation.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
t 01 8676108
r immunisation@hse.ie

NIO.01.08.24.01 Meán Fómhair 2024

**Clár Vacsaínithe sna Scoileanna 2024/2025**

A Phríomhoide, a chara,

Tá FSS an-bhuíoch as comhoibriú Príomhoidí agus foirne iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta i bhfeidhmiú an Chláir Imdhíonta le haghaidh Scoileanna de chuid FSS chun leanaí a chosaint ó ghalair thógálacha thromchúiseacha.

Seo litir chun tú a chur ar an eolas faoi chlár vacsaínithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) sna scoileanna in 2024/2025. Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go dtabharfaí vacsaíní aois scoile i scoileanna chun cothromas rochtana a sholáthar agus tá fianaise eolaíoch ann go mbíonn ráta glactha vacsaíní i bhfad níos airde i measc déagóirí nuair a thugtar vacsaíní i scoileanna. Dá réir sin, bheimis fíorbhuíoch díot dá bhféadfá tacú leis an méid sin oiread agus is féidir.

D'eisigh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (CCNI) moltaí nuashonraithe faoin vacsaín HPV i Mí na Nollag 2022. Anois, molann CCNI dáileog amháin den vacsaín HPV d'fhormhór na ndaltaí sa chéad bhliain sna scoileanna dara leibhéal. Ciallaíonn sé seo go dtairgtear aon dáileog amháin de HPV, aon dáileog amháin de Tdap agus aon dáileog amháin de vacsaín MenACWY d'fhormhór na ndaltaí, ar féidir iad go léir a thabhairt i rith na cuairte céanna.

Mar sin, ní gá d'fhoirne vacsaínithe scoile FSS ach cuairt a thabhairt ar scoileanna uair amháin de ghnáth chun vacsaíní HPV, Tdap agus MenACWY a thabhairt do dhaltaí.
Ba mhór againn é dá ndéanfadh scoileanna pacáistí faisnéise FSS a thabhairt amach do na daltaí mar is gnách. Nuair a bhíonn foirmeacha toilithe comhlánaithe cheana, cuireann sé ar chumas foirne scoile FSS seisiúin imdhíonta a phleanáil roimh ré.

Ní féidir le daoine óga vacsaín a fháil go dtí go bhfuil an fhoirm toilithe sínithe ag tuismitheoir nó ag caomhnóir. Chun cur i gcuimhne do thuismitheoirí na foirmeacha toilithe a sheoladh ar ais b'fhéidir gur mhaith leat roinnt faisnéise faoin gclár vacsaínithe a chur ar láithreán gréasáin na scoile, ar na cuntais meán sóisialta nó é a chur mar fholáireamh téacs.

Téacs molta chun fógra a thabhairt faoin gclár seo … *Beidh foirne imdhíonta scoile FSS ag tabhairt cuairt ar an scoil ar … cuir isteach dátaí…. chun vacsaíní a thairiscint do dhaltaí na chéad bhliana chun iad a chosaint ar HPV, galar meiningeacocúil, teiteanas, diftéire agus triuch. Tugadh bileoga faisnéise agus foirmeacha toilithe do na daltaí le tabhairt abhaile. Bí ag súil leis an bhfaisnéis seo agus seol ar ais an fhoirm thoilithe le do thoil chomh luath agus is féidir. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi na vacsaíní ag www.immunisation.ie*

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait féin nó ó thuismitheoirí ar bith, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin. Chomh maith leis sin, gheobhaidh tú sonraí teagmhála d'oifig imdhíonta áitiúil ar www.immunisation.ie

Is mian liom buíochas a ghabháil leat arís as tacú leis an gclár imdhíonta le haghaidh scoileanna.

Is mise le meas

An Dr Lucy Jessop
Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta MRCN 424447